**An chuid oibríochtúil**

Ní mór an dara habairt d'Airteagal 29(2) de Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát a léirmhíniú sa chiall nach bhfuil coincheap na "príosúnachta", dá dtagraítear san fhoráil sin, infheidhme maidir le hiarrthóir ar thearmann a chur go héigeantach in aonad síciatrach ospidéil, arna údarú le cinneadh cúirte ar na forais gur bagairt an duine sin, mar gheall ar mheabhairghalar, dó féin nó don tsochaí.

[1] IO C 242, 21.06.2021

---

**Ordú na Cúirte Breithiúnais (an tOchtú Dlísheomra) an 10 Eanáir 2022 (iarraidh ar réamhrialú ó Amtsgericht Hamburg – an Ghearmáin) – EL, CP v Ryanair DAC**

**(Cás C-287/20)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 99 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Aeriompar – Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 – Airteagal 5(3) – Rialacha coiteanna i dtéarmaí cúitimh agus cúnaimh do phaisinéirí i gcás eitilte a chur ar ceal nó i gcás moille fada ar eitilt – Díolúine ón oibleagáid slánaíochta – Coincheap "toisc urghnách" – Stailc foirne cábáin agus píolótaí – Imthosca "inmheánacha" agus "seachtracha" maidir le gníomhaíocht an aeriompróra atá ag feidhmiú – Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Airteagail 12 agus 28 – Airteagail 12 agus 28 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Éagmais cur isteach ar shaoirse tionóil agus comhlachais oibrithe agus ar cheart an aeriompróra dul i mbun caibidlíochta)***

(2022/C 207/09)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Amtsgericht Hamburg

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* EL, CP

*Cosantóir:* Ryanair DAC

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór Airteagal 5(3) de Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirfear eitiltí ar ceal nó i gcás ina gcuirfear moill fhada orthu, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 295/91 a léirmhíniú sa chiall nach dtagann gluaiseacht stailce arna dtionscnamh ar ghlao ceardchumann foirne cábáin agus píolótaí aeriompróra atá ag feidhmiú agus a bheartaítear chun éilimh na n-oibrithe sin a chothú faoin gcoincheap "toisc urghnách", de réir bhrí na forála sin, agus nach bhfuil caibidlíochtaí arna ndéanamh roimhe sin le hionadaithe na n-oibrithe maidir leis sin ábharthach, más ann dóibh.

[1] IO C 279, 24.08.2020